Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**8030/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0102(NLE)**

**FISC 97**
**ECOFIN 319**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 154 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear don tSeicia beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 154 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 154 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.4.2022
COM(2022) 154 final

2022/0102 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear don tSeicia beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

De bhun Airteagal 395(1) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1] ('an Treoir maidir le CBL'), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d'aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc.

Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 23 Samhain 2021, d'iarr an tSeicia údarú beart a chur i bhfeidhm, go dtí an 31 Nollaig 2024, de mhaolú ar Airteagal 287 den Treoir maidir le CBL, lena gceadaítear don tSeicia daoine inchánach nach airde a láimhdeachas bliantúil ná EUR 85 000 a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha.

I gcomhréir le hAirteagal 395(2), an dara fomhír, den Treoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 16 Nollaig 2021 maidir leis an iarraidh a rinne an tSeicia. Thug an Coimisiún fógra don tSeicia le litir dar dáta an 20 Nollaig 2021 go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithniú a dhéanamh ar an iarraidh.

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Le Caibidil 1 de Theideal XII den Treoir maidir le CBL, cuirtear an fhéidearthacht ar fáil do na Ballstáit iarratas a dhéanamh ar scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga, lena n-áirítear an fhéidearthacht maidir le daoine inchánach a dhíolmhú i gcás inar lú ná méid áirithe a láimhdeachas bliantúil. Tugtar le fios leis an díolúine sin nach gá do dhuine inchánach cáin bhreisluacha a ghearradh ar a sholáthairtí agus, dá réir sin, nach féidir leis [nó léi] cáin bhreisluacha a asbhaint ar a ionchuir.

Faoi Airteagal 287 den Treoir maidir le CBL, Ballstáit ar leith a tháinig isteach san Aontas tar éis an 1 Eanáir 1978, féadfaidh siad daoine inchánach a dhíolmhú nach airde a láimhdeachas bliantúil ná coibhéis, san airgeadra náisiúnta, na méideanna ag an ráta comhshó ar lá a n-aontachais mar a shonraítear san fhoráil sin.

Faoi phointe (7) d'Airteagal 287 den Treoir maidir le CBL, féadfaidh an tSeicia daoine inchánach nach airde a láimhdeachas bliantúil ná méid is coibhéis le EUR 35 000 san airgeadra náisiúnta a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha.

Le húdarú chun tairseach an láimhdeachais bhliantúil a mhéadú ó EUR 35 000 go EUR 85 000, dhéanfaí an t-ualach riaracháin atá ar ghnólachtaí atá incháilithe don díolúine a shimpliú go mór agus spreagfaí forbairt gnólachtaí beaga den sórt sin trí iad a scaoileadh ó oibleagáid CBL faoi ghnáthshocruithe CBL, amhail taifid CBL a choinneáil nó tuairisceáin CBL a chur isteach. Thairis sin, is é a bheadh mar thoradh ar bheart speisialta den sórt sin a thabhairt isteach ualach níos lú ar an riarachán cánach trí ísliú a dhéanamh ar an gceanglas maidir le daoine inchánach ag a bhfuil láimhdeachas faoin tairseach láimhdeachais a bhainistiú agus a iniúchadh . Ina theannta sin, bheadh éifeacht dhearfach ar an leibhéal ginearálta comhlíontachta le hoibleagáidí CBL ar na daoine inchánach sin.

Tá an beart speisialta roghnach go hiomlán i gcás daoine inchánach. Dá bhrí sin, i gcás gnólachtaí beaga nach airde a láimhdeachas ná an tairseach, bheadh an fhéidearthacht fós ann dóibh a gcearta a fheidhmiú chun na gnáthshocruithe CBL a chur i bhfeidhm.

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

De réir na meastachán a thug an tSeicia, is é a bheadh mar thoradh ar an mbeart speisialta a thabhairt isteach laghdú is lú ná 2 % i mbailiúchán CBL iarbhír agus dá bhrí sin ní dhéanfadh sé difear mór don mhéid ioncam iomlán ó CBL nó don mhéid ioncam cánach iomlán a bhailítear ag céim an tomhaltais deiridh.

An beart speisialta, lena simplítear oibleagáidí oibreoirí beaga, tá sé i gcomhréir leis na cuspóirí a leag an tAontas Eorpach amach maidir le gnólachtaí beaga.

I bhfianaise an tionchair dhearfaigh i dtaca leis an ualach riaracháin a laghdú ar ghnólachtaí agus ar an riarachán cánach araon agus é sin gan tionchar ollmhór a imirt ar an ioncam CBL iomlán, is iomchuí údarú a thabhairt don tSeicia an beart speisialta a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2024.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an beart maolaithe i gcomhréir le cuspóirí Threoir (AE) 2020/285 lena leasaítear Airteagail 281 go 294 den Treoir maidir le CBL maidir le scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga[2], ar de thoradh an phlean gníomhaíochta CBL[3] é, agus a bhfuil sé d'aidhm aige scéim nua-aimseartha shimplithe a chruthú le haghaidh na ngnólachtaí sin. Go háirithe, tá sé d'aidhm aige costais comhlíontachta CBL agus saobhadh iomaíochta sa bhaile agus ar leibhéal an Aontais a laghdú, tionchar diúltach na héifeachta tairsí a laghdú, agus breis éascaíochta dhéanamh i dtaca leis an gcomhlíontacht ghnó agus i dtaca leis an bhfaireachán a dhéanann na riaracháin chánach.

Thairis sin, tá an tairseach EUR 85 000 comhsheasmhach le Treoir (AE) 2020/285, a mhéid is féidir leis na Ballstáit an tairseach láimhdeachais bhliantúil is gá le haghaidh díolúine ó cháin bhreisluacha a shocrú ar leibhéal nach airde ná EUR 85 000 (nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta).

Maoluithe comhchosúla, lena ndíolmhaítear ó cháin bhreisluacha daoine inchánach nach airde a láimhdeachas bliantúil ná tairseach áirithe, dá bhforáiltear in Airteagail 285 agus 287 den Treoir maidir le CBL, deonaíodh iad do Bhallstáit eile. Deonaíodh tairseach EUR 25 000 don Ísiltír[4] agus don Bheilg[5]; tairseach EUR 30 000 don Iodáil[6], tairseach EUR 35 000 do Lucsamburg[7]; deonaíodh tairseach EUR 40 000 don Pholainn[8], don Laitvia[9] agus don

[2] Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta d'fhiontair bheaga agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis an gcomhar riaracháin agus leis an malartú faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta d'fhiontair bheaga (IO L 62, 2.3.2020, lch. 13).

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le plean gníomhaíochta CBL – I dtreo limistéar CBL aonair san Aontas Eorpach – An t-am le cinneadh a dhéanamh COM(2016)148 final.

[4] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904 ón gComhairle an 4 Nollaig 2018 lena n-údaraítear don Ísiltír beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 310, 6.12.2018, lch. 25).

[5] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2077 ón gComhairle an 20 Nollaig 2018 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/53/AE lena n-údaraítear do Ríocht na Beilge beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 331, 28.12.2018, lch. 222.

[6] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1988 ón gComhairle an 8 Samhain 2016 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/678/AE lena n-údaraítear do Phoblacht na hIodáile leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 306, 15.11.2016, lch. 11).

[7] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2210 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/677/AE lena n-údaraítear do Lucsamburg beart speisialta a thabhairt

Eastóin[10]; tairseach EUR 48 000 don Ungáir[11]; tairseach EUR 50 000 don tSlóivéin[12]; tairseach EUR 55 000 don Liotuáin[13]; tairseach EUR 45 000 don Chróit[14]; tairseach EUR 30 000 do Mhálta[15]; agus tairseach EUR 88 500 don Rómáin[16].

Ba cheart maoluithe ar an Treoir maidir CBL a bheith teoranta ó thaobh ama de i gcónaí ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtaí. Ina theannta sin, maidir le dáta éaga an bhirt speisialta a áireamh go dtí an 31 Nollaig 2024, mar a d'iarr an tSeicia, tá sé sin ailínithe le ceanglais Threoir (AE) 2020/285. Déantar foráil maidir leis an 1 Eanáir 2025 sa Treoir sin mar an dáta a mbeidh ar na Ballstáit na forálacha náisiúnta a chur i bhfeidhm, forálacha is gá dóibh a ghlacadh, chun í a chomhlíonadh.

Dá bhrí sin, an beart atá beartaithe, tá sé comhsheasmhach le forálacha na Treorach maidir le CBL.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Bíonn an Coimisiún go comhsheasmhach ag cur i dtábhacht go bhfuil gá le rialacha níos simplí le haghaidh fiontair bheaga. I ndáil leis sin, ghlac an Coimisiún Straitéis FBM i mí an

isteach de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 332, 23.12.2019, lch. 155).

8 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1919 ón gComhairle an 4 Nollaig 2018 lena leasaítear Cinneadh 2009/790/CE lena n-údaraítear do Phoblacht na Polainne beart a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 311, 7.12.2018, lch. 32).

9 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1261 ón gComhairle an 4 Meán Fómhair 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2408 lena n-údaraítear do Phoblacht na Laitvia beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 296, 10.9.2020, lch. 4).

10 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/358 ón gComhairle an 22 Feabhra 2021 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/563 lena n-údaraítear do Phoblacht na hEastóine beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 69, 26.2.2021, lch. 4).

11 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1490 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena n-údaraítear don Ungáir beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 252, 8.10.2018, lch. 38).

12 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1700 ón gComhairle an 6 Samhain 2018 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/54/AE lena n-údaraítear don tSlóivéin beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 285, 13.11.2018, lch. 78).

13 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/86 ón gComhairle an 22 Eanáir 2021 lena n-údaraítear do Phoblacht na Liotuáine beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 30, 28.1.2021, lch. 2).

14 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1661 ón gComhairle an 3 Samhain 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1768 lena n-údaraítear do Phoblacht na Cróite beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 374, 10.11.2020, lch. 4).

15 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/753 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2021 lena n-údaraítear do Mhálta beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/279 (IO L 163, 10.5.2021, lch. 1).

16 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1260 ón gComhairle an 4 Meán Fómhair 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1855 lena n-údaraítear don Rómáin beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 296, 10.9.2020, lch. 1).

Mhárta 2020 d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach[17], agus leis sin thug sé gealltanas leanúint dá chuid oibre maidir leis an ualach ar FBManna a laghdú. An cuspóir maidir leis an ualach riaracháin a laghdú le haghaidh FBManna, tá sé ar cheann de cholúin na straitéise sin. Tá an beart speisialta seo i gcomhréir leis na cuspóirí sin, a mhéid a bhaineann le rialacha fioscacha. Tá sé i gcomhréir freisin le Plean Gníomhaíochta 2020 maidir le cánachas cothrom simplí mar thaca leis an straitéis téarnaimh[18], plean ina n-aithnítear go bhfuil costais comhlíontachta cánach fós ard san Aontas, agus gur gnách go mbíonn costais comhlíontachta i bhfad níos airde le haghaidh cuideachtaí beaga ná mar a bhíonn siad le haghaidh cuideachtaí móra.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

I bhfianaise na forála den Treoir maidir le CBL ar a bhfuil sé bunaithe, tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú do Bhallstát ar iarraidh uaidh féin agus níl oibleagáid ar bith ann.

I bhfianaise raon feidhme teoranta an mhaolaithe, tá an beart speisialta comhréireach leis an aidhm atá á saothrú, i.e. an bailiú cánach a shimpliú le haghaidh daoine inchánach beaga agus le haghaidh an riaracháin cánach.

- **An rogha ionstraime**

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin í an ionstraim atá beartaithe.

Faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, ní féidir maolú ar rialacha coiteanna CBL ach i gcás ina n-údaróidh an Chomhairle é sin agus í ag gníomhú d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin í an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir í a dhíriú chuig Ballstát aonair.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní dhearnadh aon chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara. Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an tSeicia agus baineann sé leis an mBallstát áirithe sin amháin.

---

[17] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach (COM (2020) 103 final).

[18] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – Plean Gníomhaíochta maidir le cánachas cothrom agus simplí mar thaca leis an Straitéis Téarnaimh (COM(2020) 312 final).

- **Measúnú tionchair**

Is éard is aidhm don Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an tairseach díolúine atá ann faoi láthair a mhéadú ó EUR 35 000 go EUR 85 000 (ina choibhéis san airgeadra náisiúnta). Is beart simpliúcháin an méadú sin, a bhaineann go leor de na hoibleagáidí CBL ó ghnólachtaí atá ag feidhmiú le láimhdeachas bliantúil nach airde ná EUR 85 000. Dá bhrí sin beidh tionchar dearfach aige ar laghdú an ualaigh riaracháin maidir le gnólachtaí agus an riarachán cánach araon gan tionchar mór a bheith aige ar an ioncam CBL iomlán. De bharr raon feidhme cúng an mhaolaithe agus de bharr na teorann ama ar a chur i bhfeidhm, beidh tionchar an bhirt teoranta in aon chás.

Faoi láthair, bunaithe ar shonraí atá ar fáil ó 2020, tá tuairim agus 910 000 gnólacht beag ag feidhmiú a gcirt chun a bheith díolmhaithe ó CBL. Rachadh an méadú sa tairseach go EUR 85 000 chun sochair do thuairim agus 105 000 gnólacht breise, rud a fhágfaidh go dtiocfaidh laghdú is lú ná 2 % ar ioncam CBL.

Beidh an beart maolúcháin roghnach do dhaoine inchánach. Beidh daoine inchánach in ann na gnáthshocruithe CBL a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 290 de Threoir 2006/112/CE. Meastar gurb é tuairim agus EUR 370 milliún an tionchar buiséadach i dtéarmaí ioncam CBL don tSeicia, rud is féidir a mheas mar thionchar diomaibhseach.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairtí ag gabháil leis an togra maidir le cosaint na gceart bunúsach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ar theacht i bhfeidhm do Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 maidir leis na comhshocraíochtaí aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú[19], ní dhéanfaidh an tSeicia aon ríomh ar chúiteamh maidir leis an ráiteas faoi acmhainní dílse CBL le haghaidh bhliain airgeadais 2022 agus ina dhiaidh sin.

19 Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 maidir leis na comhshocraíochtaí aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú (IO L 165, 11.5.2021, lch. 9).

2022/0102 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-údaraítear don tSeicia beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 395(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 287, pointe (7), de Threoir 2006/112/CE, maidir le daoine inchánach ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach airde ná méid is coibhéis le EUR 35 000 san airgeadra náisiúnta ag an ráta comhshó ar dháta aontachais na Seicia, féadfaidh sí iad a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha (CBL).

(2) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 23 Samhain 2021, d'iarr an tSeicia údarú beart a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 287, pointe (7), de Threoir 2006/112/CE agus dá bhrí sin, daoine inchánach ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach airde ná EUR 85 000 nó méid is coibhéis le EUR 85 000 san airgeadra náisiúnta a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha ('an beart speisialta'). Bheadh feidhm ag an mbeart speisialta sin go dtí an 31 Nollaig 2024, an dáta faoina gcaithfidh na Ballstáit Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle[2] a thrasuí. Maidir leis an soláthar earraí agus seirbhísí a dhéanann daoine inchánach ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach airde ná EUR 85 000 nó méid is coibhéis le EUR 85 000 san airgeadra náisiúnta , de thoradh na Treorach sin, ón 1 Eanáir 2025 ceadófar do na Ballstáit an soláthar sin a dhíolmhú.

(3) De bhun Airteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas maidir leis an iarraidh a rinne an tSeicia le litir dar dáta an 16 Nollaig 2021. Le litir dar dáta an 20 Nollaig 2021, thug an Coimisiún fógra don tSeicia go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

(4) Tá an beart speisialta i gcomhréir le Treoir (AE) 2020/285, lena bhféachtar leis an ualach comhlíontachta ar fhiontair bheaga a laghdú agus saobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach a sheachaint.

---

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

[2] Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta d'fhiontair bheaga agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis an gcomhar riaracháin agus leis an malartú faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta d'fhiontair bheaga (IO L 62, 2.3.2020, lch. 13).

(5) Leanfaidh an beart speisialta de bheith roghnach do dhaoine inchánach toisc go bhféadfaidh siad na gnáthshocruithe CBL a roghnú de bhun Airteagal 290 de Threoir 2006/112/CE.

(6) De réir faisnéis a chuir an tSeicia ar fáil, ní bheidh ach éifeacht diomaibhseach ag an mbeart speisialta ar an méid iomlán ioncaim cánach a bhailíonn an tSeicia ag céim an tomhaltais deiridh.

(7) Tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle[3], ní dhéanfaidh an tSeicia aon ríomh ar chúiteamh maidir leis an ráiteas faoi acmhainní dílse CBL le haghaidh bhliain airgeadais 2022 agus ina dhiaidh sin.

(8) I bhfianaise go measann an tSeicia gurb é a bheidh mar thoradh ar thairseach mhéadaithe oibleagáidí CBL laghdaithe agus laghdú ar an ualach riaracháin agus ar chostais chomhlíontachta dá bhrí sin d'fhiontair bheaga agus do na húdaráis chánach araon, agus i bhfianaise nach mbeidh aon tionchar mór ar an ioncam CBL iomlán a ghinfear, ba cheart údarú a thabhairt don tSeicia an beart speisialta a thabhairt isteach.

(9) Ba cheart teorainn ama a bheith leis an údarú chun an beart speisialta a chur i bhfeidhm. Ba cheart an teorainn ama a bheith leordhóthanach chun gur féidir meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus oiriúnacht na tairsí. Thairis sin, de bhun Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2020/285, tá na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2024, leis na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá a ghlacadh agus a fhoilsiú chun Airteagal 1 den Treoir sin a chomhlíonadh, lena scriostar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE, agus lena leagtar síos rialacha CBT níos simplí le haghaidh fiontair bheaga, agus tá siad leis na forálacha sin a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025. Is iomchuí, dá bhrí sin, údarú a thabhairt don tSeicia an beart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

De mhaolú ar Airteagal 287, pointe (7), de Threoir 2006/112/CE, maidir le daoine inchánach ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach airde ná EUR 85 000 nó méid is coibhéis le EUR 85 000 san airgeadra náisiúnta, tugtar údarú do Phoblacht na Seice iad a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ó dháta a fhoilsithe go dtí an 31 Nollaig 2024.

*Airteagal 3*

Is chuig Poblacht na Seice a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[3] Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 maidir leis na comhshocraíochtaí aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú (IO L 165, 11.5.2021, lch. 9).